

Beir eolas dúinn, a Dhomhnuill

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlum Dána*, Dublin, 1938, poem 74]

Gofraídh Fionn Ó Dalaigh

1 Beir eolas dúinn, a Dhomhnuill  
réidhigheas gach rodhoghruing;  
is ceisd oruinn eol Banbha;  
seol romhuinn, a ríodhamhna.

2 Ná beir siar, ná seol bu dheas  
an slógh trom-sa an tráth ghluaisfeas,  
a eomhaighre Easa Ruaidh;  
neasa ar seolaidh-ne sor-thuaidh.

3 Seol inn ar ar n-aghaidh soir,  
a Dhomhnaill mheic Mhéig Carthaigh,  
go faighte dúin chorrbláith Cuirc  
gus an ngormráith n-úir n-orrdhuirc.

4 A mheic Cormuic an chnis ghil,  
beir eol d'Eoghanacht Caisil  
is an tír nach ful fúthairbh;  
sín soir is an seandúthaigh.

5 Tighe Gall is gríosadh dhuid  
ar láthair phobuil Phádraig;  
ionnsaigh sluaigh biodhbhadh 'mun mbrugh  
do tiomnadadh uain don éarlamh.

6 Is tú oidhre Cuirc Chaisil  
ler tógbhadh an teaghdhais-sin;  
a eidhre do thocht is-teagh  
níor dheimhne Corc i gCaiseal.

7 Créad nach leanfaithea lorg Cuirc?  
leasg ón dúthchas do dhíobuirt;  
do roghabh Corc an ceannphort,  
port ór canadh CaisealChorc.

8 Agaibh fa dheoidh, a Dhomhnaill,  
bhias Caiseal cleath anfhirlainn;  
do bhréagnaghadh ní huair d'fhior;  
uaibh do chéadghabhadh Caiseal.

9 A-tá i dtarngaire na naomh,  
a Dhomhnaill na ndearc mongshaor,  
gomadadh thoir bhós bhar mbunadh;

a-noir ar tós thángobhar.

10 Fuair sinn i Saltair Chaisil  
go dtiocfa-sa an turais-sin  
d'fhéachain fionnphuirt shuairc do shean  
ionChuirc do chuairt go Caiseal.

11 Caiseal Cuirc mhóir mheic Luighdheach  
tángabhair - toisg mhearchuimhneach -  
ón ráith ghil bhiliodhain bhuig  
dar ibhiobhair dígh ndearmaid.

12 Do thréig t'oireacht orra sin  
tuatha tá i dtimcheall Caisil;  
grádh d'fhiadhléannantaibh níor dhíor dháibh  
fíon ar iairleanntaibh d'fhágadhail.

13 A Dhomhnaill Óig, a ucht bog,  
dá chúis athroighthe agad:  
fearn suth na talmhan tréighthir  
's is guth adhradh d'fhuairshléibhtibh.

14 Fuinn chaomha Caisil na ríogh  
ní críocha dan cóir dimbríogh;  
na seacht dtuatha déag do dhol  
ar séad uatha do b'iongnadh.

15 Seol is an slighidh chéadna  
sinn, a bharrchais bhaisghéagdha,  
mór an brad a seachna sain,  
lór fad ar ndeabhtha ór ndúthaigh.

16 Aigillte dhuit, a Dhomhnaill,  
d'fhóirithin ar n-anfhorlainn  
an chúis-sin go gcuire i mbrígh  
do thúisigh uile is t'uírrígh.

17 Do chóirighthibh taoiseach dtrom  
is é líon leanfas Domhnall  
a seacht déag do dhíon Mhumhan  
go líon gcéad gach córughadh.

18 Taosga is réidhhighthe reampa  
ná as gluaisde, a ghnúis naoidheannta,  
mearghroigh nó buar bhar mbrughadh  
a gleannmhoigh fhuar larMumhan.

19 Ní fhuil as so go Sliabh gCrot  
- Dia [dá] réidhioghadh romhat! -

achd muir ar n-éirghe anfaidh,  
a thuir Éirne, d'Allmhurchaibh.

20 Imirce Mhaoise tar muir  
gá tabhairt 'n-a thír dhúthraig  
dar thráigh an Mhoir Ruadh rompa  
re shluagh soin ba samhalta.

21 Oireacht Mhaoise mheic Amhra  
i n-éagmhais a n-athardha  
ba cian, a shlat Bhanbha, i mbroid  
mac Amhra nó gur fhuasluig.

22 Clann Israhél re headh gcian  
i gcrích Éighipte ar ainrian;  
go ceann a mbrón 's a mbroide  
níor ghearr dhóibh a ndochruide.

23 Dar cabhradh le Maoise mór  
do chumhachtaibh Dé an deaghshlógh;  
rath as mhó ní fhuair oireacht  
a mbuain dó dá ndeoraidheacht.

24 Meic Israhél d'fhurtocht dó  
Maoise thríd i dtígh Íosa;  
tre bhuan a ndaoirsine dhíbh  
saoirsine fhuair ón Airdrígh.

25 Sluagh na hÉighipte 'mun am  
rí orra darbh aimm Forann;  
rí nar lean don chreideamh chóir  
ní leigeadh seadh i seanmóir.

26 Forann mór - meisde a sgéala -  
níor léig go Dia a dheibhléana;  
urramhas nachar dhluigh dhó  
do chuir d'urradhas orra.

27 Maoise do bhrígh na beirte  
tug d'fhágbháil na hÉighipte  
ar an raMhuir ríoghdha Ruaidh  
aghaidh a dhíorma dheaghshluaign.

28 D'fhóirithin phobuil Dé dhi  
slat bhuadha do bhí ag Maoise;  
maith an bhuaidh do bhí ar an tslait;  
na sluaigh is í do anaic.

29 An mhuij shriobhuaine shrothach

do thráigh mar mhuigh míonsgothach  
mar fhuair ó ghlac bhairrghil béim  
do shlait aingligh an fhíréin.

30 D'fhosdódh muinntire Maoise  
do-chuadar - céim robhaoise! -  
a shláogh is Forann féine;  
fa torann mór míchéille.

31 Ó'd chonncadar an ród réidh  
tre iomdhomhain an aigéin  
gabhaid rian Maoise san mhuir;  
do budh triall baoise is baoghaill.

32 Do thráigh an Mhuir Ruadh roimhearr  
don chuideachta Críosdoidheadh;  
don lucht nar thuill níor thráigh soin,  
do bháidh an druing 'n-a deaghaidh.

33 Mar do buail Maoise an Muir Ruaidh  
don tsrait le rug gach robhuaidh  
sdiuir, a Dhomhnaill, na sluaigh soir  
buail do ghoirmloinn ar Ghallaibh.

34 Neart Gall, a mheic Mhéig Carthaigh,  
ní hinléigthe ar Eoghanchaibh;  
rug Maoise a mhaicne tar muir,  
a-taoi-se ag aicme Eoghain.

35 Clann Eoghain [ . . . . ]  
cineadh mar chloinn Is-raihéil  
do ghaois-se a broid ag a mboing  
mar Mhaoise dhoid, a Dhomhnaill.

36 Ná fulngidh [feasda] reamhaibh  
ní as fhaide ná d'fhuilngeabhair  
Mumha ag dreim nachar dhúla  
's bhar gcura i n-eirr iargcúla.

37 Madh sibh-se a-nois do-ní an roinn  
cuimhnighthe dhaoibh, a Dhomhnoill,  
an Mhumha gan a roinn ruibh  
Goill dá bhar gcura i gcumhaidh.

38 Ód ghleo, a Dhomhnaill, is Danair  
ní bhia d'eagla Allmharaigh  
neach, a rí finn[Eithne], fúibh  
ar tí imeirche i n-iargcúil.

39 Cuirfe re caladh nDairbhre  
's re cuan mBéirre mbeannghairbhe  
's re Corca Duibhne do dhruim  
's re porta Uidhne áluinn.

40 Tréigfe ar Chaiseal na gcorrphort  
íochtar Cua do chéadlongphort,  
cuan arab neamhfaghach neach  
'n-a mbual leabharLoch Luighdheach.

41 Gid 'gun loch-sain na learg nglan  
rugadh thú agus do tógbhadh,  
fada ó bhruach Lacha Luighdheach  
racha isní d'fhuath larMhuimhneach.

42 Do ghabháil Mumhan móire  
sochraide throm thionóile;  
tig dod thairm, a thuir Luimnigh,  
na bu th'ainm duibh DeasMhuimhnigh.

43 DeasMhumha 'gá dúthaigh féin  
léigthe, a Dhomhnaill Óig aimghéir;  
's is tréigthe ar iathaibh as fhearr  
sléibhte iathair na hÉireann.

44 Dream danab dual do bhunadh  
dá Eoghanacht larMhumhan  
léig dóibh seandúthaigh a sean;  
neamhmúchaidh ghlórí na nGaoidheal.

45 Magh gCinchinn, Corca Dhuibhne,  
'ga ndúthaigh féin fágbhaim-ne;  
mó as drumchla a sáimhríghe sin  
tulcha cláirmhíne Caisil.

46 Léig d'iarthar innse Banbha  
dá gach fhior a athardha;  
sín go corrmaoiliinn gCaisil  
ngormaoibhinn mínléigheach.

47 Beir, a Dhomhnaill Dúin Innbir,  
t'oireacht go n-a n-imirghibh  
san iodhainleirg bhfleadhaigh bhfinn  
n-ealaigh n-iobhairdheirg n-aoibhinn.

48 Bhar gcuirn bhláithe is bhar mbrannaimh  
cuimhnighthior do chéadarraibh;  
ní ba socht dáibh i ndún Chuirc  
sa mhur mar tháir a dtabhait.

49 Tar Carrthaigh, tar cuan mBeithbhe  
cuir aghaidh na himeirche,  
tar cuan Leamhna, tar Loch Léin,  
a sgoth Eamhna, bhar n-eichréidh.

50 Seach Ciarraidhe don taoibh theas  
tre Mhagh gCoinchinn na gcraoibhleas,  
tar seanLuachair síl Deadhaidh  
mín ngealbhruachaigh ngoirmshreabhaigh.

51 I gceann Ó gConaill Gabhra  
dod chóirighthibh cathardha  
tar Claonghlais daoibh 'n-a dheaghaidh  
tar Daoil mbraonghlais mbáinealaigh.

52 Do Dhún ard Eochair Máighe,  
d'implinn Mumhan míonáille,  
ruag shiobhail nar cháir do cheilt  
tre Mháigh an lobhair oirrdheirc.

53 Do Loch Goir gar do chabhair,  
do Shídh álúinn Eoghabhail,  
d'Áine an mhúir thirmleasaigh thais  
dúinn gan imreasain eolais.

54 Lámh dheas re hlmleach n-lobhair,  
lámh chlé re Cliaigh bhfóidiodhain,  
do sheanChruit Cliach nocha cam  
agus d'iath ghealchnuic Ghrafann.

55 Seoch Machaire bhfionn bhFeimhin  
don laochraidh nach lingfidhir  
i gceann beoil brogha Caisil;  
rogha an eoil an t-eolais-sin.

56 Ráith Caisil, a chraobh Ealla,  
budh í ceann bhar gcoimhleanga;  
budh lucht meanman airde ibh  
i ngealbhrugh chairrge Caisil.

57 Ag carraig Caisil na ríogh  
cuirfe tar ais a n-imshníomh,  
na seacht dtuatha déag-sain di  
uatha ag déagsain a ndúithche.

58 Cuir gach taoiseach 'n-a thuaith féin  
do thuathaibh Caisil chlaidhréidh;  
ar áitibh treabh a sean sin

sáithtir teagh gacha thaoisigh.

59 Suidh féin dá choimhdhe ar cheanaibh  
i ndúin Caisil choirrshleaghaigh;  
dún ris nar dheala dhún druim  
gur mheala an dún, a Dhomhnaill.

60 Duit as cuibhdhe cró do shean,  
uime nach anta ó Chaisiol;  
tú as cródha i dtroid 's i dtealaigh;  
doid is córa creideamhain.

61 Is í tuigse tuigthear dhamh,  
a mheic Mhóire ó mhúr Cruachan,  
gan t'aitghin do dhúil duine  
don úir thairthigh thalmhuidhe.

62 Mar chubhar dtuinne do thaobh,  
nó mar bhláth n-abaidh n-órchraobh,  
mar smual dá gcuirtear crithre  
do ghruadh chruithgheal chrithirthe.

63 A-tá cathair chaolaigh dhuinn  
ós do ghruaidh dheirg, a Dhomhnuill,  
rosg ar dhath gloine guirme,  
a sgath Moighe Modhuirne.

64 Tearc do chommór, a chinn Bhreagh,  
ar sgaoileadh each nó áigheadh;  
is ceart choingeobha an dá chuинг,  
tearc do choimbeodha i gcoluinn.

65 Ar n-a coinnmheadh ar do churp  
a-tá, a Domhnuill, an daonnacht;  
gan daonnacht ann nochan fhuil  
aonalt ná ball dod bhallaibh.

66 A mheic na ríoghna ó Ráith Chuinn,  
a Dhomhnaill mheic mheic Dhomhnuill,  
teannaidh as an tís i-le  
ná bídh i mbeannaibh Béirre. Beir.

67 Beiridh th'inneach iul do dháimh,  
a inghean shúlgorm Sheaáin,  
a bhláth clúimhfheadha cheiníl  
a úireala, a Aibhilín.

68 A Aibhilín nar éar sgoil  
mar do chosnais clú an tsaoghal

a bhreath don bhocht do-bhire  
go nach beath ort oirbhire.

69 Beir dhúinn, a Dhomhnuill oilé,  
eol fa Inis Laoghaire,  
a Mhéig Carthaigh Cláir Ghaillmhe,  
cáir carthain do chonnailbhe.

70 Beir eol dúinn go dún Caisil  
ar taisibh na tolchai-sin;  
lón a táith, a Bhuaadhaigh, bir  
gus an ráith sluaghaigh saidhbhir.

71 Féadhar, a Thaidhg, gan teacht soir;  
thiar a-tá do thír dhúthaigh;  
ní teachta dheit linn i-le  
ar eachtra, a mheic sheing Shaidhbhe.

72 A-tá ag éigsibh Innse Cuinn  
eolus do dhúin, a Dhomhnuill;  
t'ór, a í Chaoimh, ní cheile,  
's is mór dhot aoibh t'oirbhire.

73 Beir eolus díreach damh-sa,  
a naoimhMíchíl neamhfhalla  
don chathraigh óghaigh aingligh  
shlóghaigh rathmhair ríoghshaidhbhir. Beir